RANNÍOCAÍOCHTAÍ SRATHACHA – ROGHANNA AR SHEACHADADH COIGILTÍ SONRAITHE Ó NITPS I 2012-13

Tá rátaí molta na Roinne ar ranníocaíocht ball do 2012 13 leagtha amach i Rannán 3 den chomhairliúchán a seoladh ar 31 Deireadh Fómhair 2011. Tá na rátaí seo bunaithe ar na rátaí a mhol an Roinn Oideachais do bhaill na Scéime Pinsin Múinteoirí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Táthar i ndiaidh an forlíonadh seo a leanas a chur isteach leis an chomhairliúchán bunaidh go díreach roimh Cheist 1. Iarrtar ort freagra a thabhairt ar na ceisteanna breise 1a agus más cuí 1b. Tá an comhairliúchán leasaithe agus an leabhrán freagartha ar fáil le híoslódáil ón láithreán Gréasáin ag www.deni.gov.uk

Fanann an dáta deiridh don chomhairliúchán mar a bhí, an 23 Eanáir 2012

Forlíonadh

Is mian leis an Roinn fosta a machnamh a dhéanamh ar chomhathruithe ar na rátaí molta a leagadh amach thuas a sholáthraíonn cosaint bhreise do na múinteoirí sin atá ag an cheann íochtarach den scála pá. Tá comhathruithe féideartha leagtha amach i dtáblaí 1-3 thíos. D'fhéadfaí ceann de na comhathruithe thíos a chur in áit an tábla a bhí mar chuid de na dréachtrialúcháin, ag brath ar thoradh an chomhairliúcháin.

Tábla 1 – Comhathruithe ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le soláthar a dhéanamh dóibh sin a n-íoctar níos lú ná £26k leo nach mbeidh méadú i gceist leo agus cosaint pháirteach dóibh sin faoi £32k

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.4%	0.0%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.6%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.1%	1.7%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.4%	2.0%	58	0.31%
112,000		8.8%	2.4%	3	0.02%

Tábla 2 – Comhathrú ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le cosaint pháirteach a sholáthar dóibh sin faoi £26k agus dóibh sin faoi £32k

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht %
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.7%	0.3%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.6%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.1%	1.7%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.4%	2.0%	58	0.31%
112,000		8.8%	2.4%	3	0.02%

Tábla 3 – Comhathrú ar mhéaduithe molta ar rátaí ranníocaíochta le soláthar a dhéanamh dóibh sin faoi £32k nach mbeidh aon mhéadú ann dóibh. Iad sin a shaothraíonn thar £40k a dhéanfaidh suas an gannchion.

Tuarastal níos ísle	Tuarastal níos airde	Ráta ranníocaíochta i 2012-13	Méadú (taobh le 6.4%)	Ballraíocht*	% den bhallraíocht %
	14,999	6.4%	0.0%	0	0.00%
15,000	25,999	6.7%	0.0%	417	2.23%
26,000	31,999	7.0%	0.0%	1,779	9.53%
32,000	39,999	7.6%	1.2%	9,408	50.37%
40,000	74,999	8.2%	1.8%	7,011	37.54%
75,000	111,999	8.6%	2.2%	58	0.31%
112,000		9.0%	2.6%	3	0.02%

* Baill ar chonarthaí buana (lena n-áirítear conarthaí páirtaimseartha). Ní chuirtear Scoileanna Deonacha Gramadaí san áireamh anseo.

Caithfidh an léirshamhail a nglacfar leis don NITPS coigiltí a sheachadadh a bheidh ar a laghad coibhéiseach leis na coigiltí a dhéanfaí dá nglacfaí le léirshamhail Shasana agus na Breataine Bige. Mar sin de, seach-chuirtear cosaint bhreise do bhaill ar thuarastal níos ísle le méaduithe níos mó dóibh sin atá níos faide suas an banda tuarastail.

Ceist 1a – Ar cheart dúinn glacadh le moltaí Shasana agus na Breataine Bige nó coigeartú a dhéanamh le cosaint bhreise a sholáthar do mhúinteoirí a n-íoctar níos lú leo i dTÉ a fhad is a bhainfidh siad seo amach an choigilt atáthar a éileamh do 2012-13?

Question 1b – (más infheidhmithe) Má dhéanaimid moltaí Shasana agus na Breataine Bige a choigeartú le cosaint bhreise a sholáthar do

mhúinteoirí a n-íoctar níos lú leo, cé acu de na comhathruithe (1, 2 nó 3) do rogha féin?